An Chartlann Náisiúnta
National Archives

Nóta treorach maidir le comhoiriúnacht an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)

RIALÚ DOICIMÉAD

Teidil an doiciméid	**Nóta treorach maidir le comhoiriúnacht an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)**		
Uimhir thagartha	**Leagan** **4**	**Dáta** 13 Feabhra 2019	**Stádas** Leagan críochnaitheach
Rannpháirtithe sa leagan seo	An Rannán Cartlainne agus Seirbhísí Rialtais, an Chartlann Náisiúnta		
Cuspóirí an doiciméid Treoir a thabhairt do Ranna Stáit, arna míniú san Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, maidir le comhoiriúnacht an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a tháinig i bhfeidhm i ngach ballstát de chuid An Aontais Eorpaigh ar an 25 Bealtaine 2018.			
Faighteoirí beartaithe an doiciméid chríochnaithigh: Gach Roinn Stáit agus gach comhlacht poiblí a thagann faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986			
Comhlacht ceadaithe an doiciméid chríochnaithigh	An Chartlann Náisiúnta		
An dáta a ceadaíodh	13 Feabhra 2019		
Dáta eisiúna	Feabhra 2019		
Dáta athbhreithnithe	Go tréimhsiúil		
Teagmhálaí maidir le hathbhreithniú	Ceann na dTaifead Reatha, na nÁbhar Cartlainne agus na Seirbhísí Rialtais		

Clár na nÁbhar

Réamhrá..... 4

Ceisteanna agus freagraí..... 5

Aguisín 1..... 21

Acmhainní..... 22

Gluais 23

Réamhrá

Tá an nóta seo ceaptha chun treoir a thabhairt do Ranna Stáit, arna míniú san Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, maidir le comhoiriúnacht an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a tháinig i bhfeidhm i ngach ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh ar an 25 Bealtaine 2018. Tá an nóta seo leagtha amach i bhformáid ceisteanna agus freagraí agus féachann sé le forléargas ginearálta a thabhairt ar oibleagáidí Ranna Stáit faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, maidir le coimeád, coinneáil siar agus diúscairt taifead roinne. Tarraingítear aird ar airteagail agus ar aithrisí GDPR a bhaineann le bainistiú taifead roinne ar gá iad a chaomhnú go buan mar ábhar cartlainne agus ar na ceanglais atá ar Ranna Stáit maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil le bainistiú a gcuid taifead.

Tá an nóta seo dírithe go príomha ar Ranna Stáit a thagann faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986. Áiríonn sé sin gach roinn stáit, gach oifig chúirte agus 61 chomhlacht poiblí atá liostaithe sa sceideal a ghabhann leis an Acht, nó comhlachtaí nach bhfuil ainmnithe san Acht ach a bhfuil taifid faighte le hoidhreacht acu ó chomhlachtaí a thagann faoi réir an Achta. Ach, ina theannta sin, tá sé ceaptha chun treoir a thabhairt do chomhlachtaí a cruthaíodh ón bhliain 1986 agus dóibh sin a fuair feidhmeanna agus taifid le hoidhreacht ó chomhlachtaí atá liostaithe sa sceideal.

Is ar mhaithe le faisnéis amháin atá an nóta seo. Is ceart fiosruithe dlíthiúla a sheoladh chuig Comhairleoirí Dlí Roinne.

An Chartlann Náisiúnta, Feabhra 2018

Ceisteanna agus freagraí

1. Céard é an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986?

Is iad an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus na Rialacháin um Chartlann Náisiúnta, 1988, na príomhreachtanna atá infheidhme maidir le bainistiú taifead Ranna Stáit, lena n-áirítear diúscairt taifead nó coimeád taifead mar ábhair chartlainne.

Oibríonn an tAcht laistigh de chreat dlíthiúil le haghaidh bainistíocht taifead rialtais, ar creat é ina n-áirítear reachtanna eile a bhaineann le réimsí amhail Cosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise agus reachtaíocht a bhaineann le réimsí sonracha oibre amhail oidhreacht chultúir, póilíneacht, bailiú cánach agus coimirce shóisialta, i measc nithe eile.

2. Cad a thuigtear as an téarma Roinn Stáit?

Tá léiriú ar an téarma Roinn Stáit le fáil in alt 1(2) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus áiríonn sé gach roinn stáit, gach oifig chúirte, gach comhlacht atá liostaithe sa sceideal a ghabhann leis an Acht agus aon chomhlacht ‘ar coiste, coimisiún nó binse fiosrúcháin é a cheapfaidh an Rialtas, comhalta den Rialtas nó an tArd-Aighne ó am go ham’.

3. Céard é an míniú ar thaifead roinne?

Tá míniú ar thaifead roinne le fáil in alt 2(2) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus áiríonn sé leabhair, léarscáileanna, pleananna, líníochtaí, páipéir, comhaid, grianghraif, scannáin, micreascannáin agus taifid mhicreagrafacha eile, taifeadtaí fuaime, taifid phictiúrtha, téipeanna maighnéadacha, dioscaí maighnéadacha, dioscaí optúla nó fís-dioscaí, taifid eile inléite ar innill, ábhar doiciméadach nó ábhar próiseáilte eile **a dhéanann nó a fhaigheann Roinn Stáit agus a choimeádann an roinn stáit sin i gcúrsa a gnó.**

Is ionann an méid sin agus a rá gurb amhlaidh, maidir le haon taifead i bhformáid pháipéar nó i bhformáid leictreonach a fhaigheann nó a dhéanann Roinn Stáit i gcúrsa a gnó, go dtagann sé faoi réir théarmaí an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus nach mór é a bhainistiú dá réir sin.

4. Céard é an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)?

Is é atá sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) ná rialachán de chuid dhlí an Aontais Eorpaigh a bhaineann le cosaint sonraí a tháinig i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018. Glacann sé ionad Threoir 95/46/CE maidir le Cosaint Sonraí a bhí ann roimhe sin. Tiocfaidh gach eagraíocht a phróiseálann sonraí pearsanta, idir eagraíochtaí poiblí agus eagraíochtaí príobháideacha, faoi réir fhorálacha GDPR. Áiríonn sé sin gach Roinn Stáit agus an Chartlann Náisiúnta.

5. An bhfuil tosaíocht ag GDPR ar an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986?

Níl tosaíocht ag aon reachtaíocht ar an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, a mhéid a bhaineann le bainistíocht taifead poiblí, lena n-áirítear taifid a mhilleadh, a choimeád nó a choinneáil siar.

Sular féidir taifid a mhilleadh, a choimeád nó a choinneáil siar, ní mór cloí leis na forálacha atá leagtha amach san Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus i Rialacháin 1988.

6. Cad a chiallaíonn sé sin go praiticiúil?

Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin nach féidir le haon Roinn Stáit a thagann faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, **aon taifead roinne** a dhiúscairt gan cead a fháil ina leith sin ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta. Baineann sé seo le diúscairt taifead páipéir agus le diúscairt taifead leictreonach araon.

7. Cén t-alt (nó céard iad na hailt) de chuid an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, a bhfuil baint aige/acu le léiriú GDPR?

Tá feidhm ag an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, maidir le gach taifead roinne is cuma cé acu a chuimsíonn siad sonraí pearsanta, arna mhíniú in Airteagal 4 de GDPR, nó catagóirí speisialta sonraí pearsanta, arna míniú in Airteagal 9.

8. An féidir déileáil le cosaint sonraí agus le GDPR ar leithligh óna chéile?

Ní féidir. Níl i gcosaint sonraí ach gné amháin de shraith míreanna reachtaíochta atá infheidhme maidir le Ranna Stáit agus ní mór í a bhreithniú laistigh de chreat reachtach comhlíontachta níos leithne ina n-áirítear an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

9. Céard iad na hairteagail de chuid GDPR atá bainteach le cartlannú?

Le hAirteagal 89 de GDPR, ceadaítear próiseáil sonraí pearsanta ‘ar mhaithe le leas an phobail’ ar choinníoll go bhfuarthas na sonraí trí úsáid a bhaint as ceann de na prionsabail dhlíthiúla atá leagtha amach in Airteagal 6. Ní ceart do Ranna Stáit sonraí pearsanta a bhailiú ach amháin a mhéid is gá chun a bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Déantar an bunús dlí atá ann mar thaca le hAirteagal 89 a leathnú tuilleadh in Aithrisí 158 - 163 de GDPR.

Ciallaíonn sé sin nach mór do Ranna Stáit taifid roinne atá sainaitheanta mar thaifid ar gá iad a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne a choimeád agus aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta tar éis 30 bliain, lena n-áirítear taifid ina bhfuil sonraí pearsanta.

10. Cén uair a cheadaítear coimeád ar mhaithe le cartlannú?

In Airteagal 30 de GDPR sonraítear nach mór do gach eagraíocht a phróiseálann sonraí pearsanta bainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar a gcuid taifead. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé de cheangal ar gach Roinn Stáit beartas doiciméadaithe bainistíochta taifead a bheith i bhfeidhm acu. Léiríonn an beartas seo cén fáth a gcruthaítear taifid, an fheidhm ghnó a dtacaíonn siad léi, an bunús dlí le cruthú agus coimeád na dtaifead lena mbaineann, agus an fhaisnéis atá iontu. **Is ceart feidhm a bheith ag an mbeartas seo maidir le gach taifead seachas na cinn sin amháin ina bhfuil sonraí pearsanta**

11. Céard é bainistiú taifead?

Is é atá i mbainistiú taifead ná an próiseas trína mbainistítear faisnéis ar feadh a saolré. Is ceart aon bheartas bainistithe taifead a fhorbraíonn Ranna Stáit a bheith bunaithe ar fheidhmeanna reachtúla (gnó) na Roinne lena mbaineann. Mar thoradh ar an aicmiú feidhmeanna reachtúla sin, ar a dtugtar scéim aicmithe gnó, beifear in ann aicmí nó sraitheanna taifead a bhaineann go sonrach le gach feidhm ar leith, nó a éiríonn as gach feidhm ar leith, a shainaithint.

Ar bhonn na faisnéise sin, beifear in ann sceidil a fhorbairt maidir le coimeád agus diúscairt, agus iad bunaithe ar an tsraith taifead atá sainaitheanta sa scéim aicmithe gnó. Leagfaidh na sceidil sin amach cén uair is ceart taifid a dhiúscairt mura bhfuil gá leo a thuilleadh chun tacú le feidhmeanna gnó nó dlí na Roinne Stáit. Is ceart taifid ar gá iad a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne a shainaithint mar chuid den phróiseas seo freisin. Ní mór taifid roinne a dhiúscairt de réir alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

Maidir le haon taifid atá sainaitheanta mar thaifid ar gá iad a chaomhnú go buan agus a aistriú, sa deireadh, chuig an gCartlann Náisiúnta, tá siad díolmhaithe ó na ceanglais faoi Airteagal 86 de GDPR a bhaineann le diúscairt taifead.

Tá sé fíorthábhachtach an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986, a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le hiniúchadh faoi GDPR agus chun fírinniú a dhéanamh i leith taifid roinne a choimeád ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun ceanglais ghnó nó ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh.

12. Cén fáth go bhfuil baint ag Airteagal 5 de GDPR le coimeád taifead mar ábhair chartlainne?

In Airteagal 5 de GDPR luaitear go bhféadfar ‘sonraí pearsanta a stóráil le haghaidh tréimhsí níos faide a mhéid nach ndéanfar na sonraí sin a phróiseáil ach amháin chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail’.

13. Cad é an míniú atá in GDPR ar 'tréimhsí níos faide'?

Ní thugtar aon mhíniú in GDPR ar bhrí an téarma 'tréimhsí níos faide'. D'fhéadfadh sárú a bheith déanta ar an sainmhíniú sin ag Roinn Stáit nach gcomhlíonann a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 30 i gcás ina mainníonn sí a thaispeáint ina mbeartas maidir le coimeád taifead go ndearnadh measúnú ar an mbunús dlíthiúil agus ar an ngá gnó le coimeád sonraí den sórt sin.

14. Cad iad na coimircí nach mór iad a chur i bhfeidhm le haghaidh sonraí pearsanta ar gá iad a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne?

Maidir le taifid roinne ina bhfuil sonraí pearsanta agus atá sainaitheanta mar thaifid ar gá iad a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne, ní cheadaítear iad a phróiseáil tuilleadh seachas próiseáil a bhaineann lena n-ullmhú lena n-aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta. Is ceart na taifid sin a stóráil go daingean nó ar fhreastalaí slán chun aon phróiseáil eile a chosc, lena n-áirítear ábhar breise a chur le comhaid dhúnta nó taifid a scriosadh. Ní féidir an fhaisnéis sna taifid sin a úsáid chun aon chríche seachas an chríoch ar chuici a fuarthas na sonraí ar dtús. Má dhéanann Roinn Stáit iarracht an fhaisnéis sin a úsáid chun aon chríche seachas an chríoch bhunaidh ar chuici a fuarthas an fhaisnéis nó seachas próiseáil a dhéanamh lena haistriú chuig an gCartlann Náisiúnta, beidh sárú déanta acu ar Airteagal 5 de GDPR.

15. Cén fáth go mbaineann alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, le hábhar GDPR?

In alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, leagtar amach an próiseas ar dá réir nach mór do Ranna Stáit iarratas a dhéanamh ar dhiúscairt taifead nach gá iad a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne [1]. Sonraítear in alt 7(7) nach mór do Ranna Stáit rochtain a éascú d'oifigigh de chuid na Cartlainne Náisiúnta le gur féidir leo suirbhé measúnachta a dhéanamh maidir le haon taifid a ndéantar iarratas ina leith chun iad a dhiúscairt.

---

[1] Foráiltear mar a leanas in alt den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986:
Fo-Alt (1): 'Faoi réir fhorálacha ailt 19(3) agus 19(4), déanfar taifid Roinne, mura n-aistrítear iad go dtí an Chartlann Náisiúnta de réir alt 8 nó mura ndiúscraítear iad faoi fho-alt (5), a choimeád agus a chaomhnú sa Roinn Stáit ina ndearnadh iad nó ina bhfuil siad á gcoimeád agus ní dhiúscrófar iad i gcás ar bith ach amháin de réir fho-alt (5); ar choinníoll, má bhíonn níos mó ná cóip amháin de thaifead den sórt sin ann gur leor an taifead bunaidh nó, mura bhfuil an taifead bunaidh sin ar fáil níos mó, gur leor cóip chruinn agus iomlán de, a choimeád agus a chaomhnú'.
Fo-Alt (2): 'Féadfaidh an Stiúrthóir nó oifigeach eile don Chartlann Náisiúnta a bheidh ainmnithe ag an Stiúrthóir chun críocha an ailt seo (dá ngairtear "an t-oifigeach ainmnithe" san alt seo) údarú a dhéanamh faoin alt seo'.
Fo-Alt (3): 'Maidir le húdarú faoin alt seo—
(a) déanfaidh sé diúscairt na dtaifead Roinne lena mbaineann sé a údarú;
(b) féadfaidh sé coinníollacha a shonrú maidir le diúscairt den sórt sin, agus
(c) beidh éifeacht leis de réir a chuid téarmaí agus aon choinníollacha a shonraítear amhlaidh.

Fo-Alt (4): 'Ní dhéanfar údarú faoin alt seo go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
(a) go ndeimhneoidh oifigeach do Roinn Stáit a bheidh údaraithe chun críche an ailt seo maidir le taifid Roinne áirithe a rinne an Roinn sin nó a fuair sí nó atá á gcoimeád inti agus a shonraítear sa deimhniú, nó le haicme nó aicmí áirithe de na taifid sin a shonraítear amhlaidh, nach bhfuil siad riachtanach i ndáil le riaradh na Roinne sin agus gur iarr sé an t-údarú sin ar an Stiúrthóir nó ar an oifigeach ainmnithe i scríbhinn;
(b) go mbeidh an Stiúrthóir nó an t-oifigeach ainmnithe deimhin de nach fiú na taifid nó na haicmí taifead a shonraítear sa deimhniú faoi mhír (a) a chaomhnú sa Chartlann Náisiúnta;
(c) go dtoileoidh an Príomh-Bhreitheamh, i gcás taifead de chuid na Cúirte Uachtaraí, nó Uachtarán na hArd-

Chúirte i gcás taifead de chuid na hArd-Chúirte, leis an údarú a dhéanamh'.

Fo-Alt (5): 'Taifid Roinne, a n-údaraítear a ndiúscairt le húdarú faoin alt seo, diúscrófar iad trína milleadh ar mhodh a chinnteoidh nach ndéanfar difear dá rúnmhaireacht agus nach mbeidh a n-ábhar infhionnta'.
Fo-Alt (6): 'D'ainneoin aon fhorála eile den alt seo, féadfaidh údarú faoin alt seo a bheith bainteach le taifid Roinne (nó le haicme nó aicmí de na taifid sin) nach raibh ann tráth an údaraithe'.
Fo-Alt (7): 'Féadfaidh an Stiúrthóir nó an t-oifigeach ainmnithe aon taifid Roinne a iniúchadh agus a scrúdú a bhfuil a ndiúscairt, le húdarú faoin alt seo, faoi bhreithniú'.

16. Cad is brí le ‘ar gá iad a chaomhnú’ mar ábhair chartlainne?

Níl aon mhíniú ar ‘ar gá iad a chaomhnú’ le fáil in alt 7(4)(b) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Bíonn measúnacht a dhéanann ball foirne de chuid na Cartlainne Náisiúnta bunaithe ar mheasúnú gairmiúil ar na taifid, lena n-áirítear agallaimh le baill foirne iomchuí chun mionsonraí a fháil i dtaobh cén fáth gur cruthaíodh na taifid agus i dtaobh na bhfeidhmeanna a dtacaíonn na taifid leo. Mar thacaíocht don nós imeachta measúnachta sin, tá taithí agus oiliúint chartlannaithe na Cartlainne Náisiúnta ann, mar aon leis an tslí ina gcloíonn siad le cóid eitice gairmiúla agus le caighdeáin idirnáisiúnta dea-chleachtais atá forbartha ag comhlachtaí amhail Comhairle Idirnáisiúnta na gCartlann agus An Grúpa Cartlann Eorpach.

17. Céard é an míniú ar shonraí pearsanta?

Tá míniú le fáil ar shonraí pearsanta in Airteagal 4(1) de GDPR, is é sin le rá, ‘aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ("ábhar sonraí"); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin’.

18. Céard é an míniú ar phróiseáil?

Tá míniú le fáil ar phróiseáil in Airteagal 4(2) de GDPR, is é sin le rá, ‘aon oibríocht nó aon sraith d'oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú’.

19. Céard é an bunús dlí le próiseáil sonraí pearsanta ag Ranna Stáit?

Beidh an bunús dlí le próiseáil sonraí pearsanta ag Ranna Stáit ag brath ar a gcuid feidhmeanna agus ar an mbunús dlí leis na feidhmeanna sin. Is ceart go mbeadh gach Roinn Stáit ar an eolas faoin reachtaíocht is buntaca lena gcumas chun a gcuid oibre a dhéanamh, lena n-áirítear aon srianta ar a gcumas chun sonraí pearsanta a bhailiú nó a phróiseáil.

20. An bhfuil feidhm ag an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, maidir le taifid faoi bhun 30 bliain d'aois?

Níl. Tá feidhm ag an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, go príomha maidir le taifid os cionn 30 bliain d'aois ar taifid iad atá sainaitheanta mar thaifid ar gá iad a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne agus a aistriú sa deireadh chuig an gCartlann Náisiúnta. De réir alt 4 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, d'fhéadfadh sé tarlú go nglacfar le taifid faoi bhun 30 bliain d'aois lena n-aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta, ach sin de rogha an Stiúrthóra.

21. An bhfuil aon eisceachtaí ann ina leith sin?

Tá. I gcás ina mbeidh taifid roinne sainaitheanta mar thaifid nach gá iad a chaomhnú go buan, tá sé ag teacht le scóip an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, diúscairt faoi alt 7 a éascú sula sroicheann siad aois 30 bliain, ach cead Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta a fháil ina leith sin. De ghnáth, déanfar cead maidir le diúscairt sraitheanna cineálacha taifead a thabhairt ar bhonn leanúnach.

22. Céard í an riail 30 bliain agus cé na dreamanna a mbeidh feidhm aici maidir leo?

Beidh taifid Angla-Éireannacha a chruthaíonn ceithre Roinn Stáit (Roinn an Taoisigh, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus Oifig an Ard-Aighne) faoi réir riail 20 bliain faoi théarmaí an Achta um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018. Cuirfear an riail 20 bliain i bhfeidhm ar bhonn céimnithe agus ní bheidh feidhm aici ach amháin le sraith theoranta taifead roinne a choimeádann na ceithre chomhlacht sin. Leanfaidh an riail 30 bliain d'fheidhm a bheith aici maidir le gach Roinn Stáit eile.

23. Cé atá freagrach go dlíthiúil i ndáil le taifid a sainaithnítear gur taifid iad ar gá a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne?

Leanann Ranna Stáit de bheith freagrach go dlíthiúil i ndáil le gach taifead roinne atá faoina gcoimeád go dtí go n-aistrítear iad chuig an gCartlann Náisiúnta agus go n-eisítear Deimhniú maidir le Scaoileadh na dTaifead don phobal, agus é sínithe ag Oifigeach Deimhniúcháin nó ag oifigeach atá ag obair faoi threoir Oifigeach Deimhniúcháin.

24. Céard é nó í Oifigeach Deimhniúcháin?

Is é atá in Oifigeach Deimhniúcháin ná duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi mhír 3(1) de na Rialacháin fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, 1988, chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus faoi na Rialacháin fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, 1988, laistigh dá Roinn Stáit. De réir Rialachán 3(1), ní mór Oifigeach Deimhniúcháin amháin ar a laghad a cheapadh i ngach

roinn nó i ngach oifig chúirte. Ní mór gur Príomhoifigeach ar a laghad é nó í Oifigeach Deimhniúcháin nó gur Oifigeach é nó í ag a bhfuil grád atá coibhéiseach le grád Príomhoifigigh.

25. An ndéanfar gach taifead ar gá iad a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta?

Ní dhéanfar. Déanfar roinnt taifead roinne a shainaithnítear mar thaifid ar gá iad a chaomhnú go buan a choimeád go buan i gcartlann na Roinne Stáit lena mbaineann. D'fhéadfadh sé go n-áireoidh sé sin taifid phearsanta ar ceart iad a choimeád go ceann 100 bliain, ach gan a bheith teoranta do thaifid den sórt sin. Is ceart deimhnithe maidir le diúscairt taifead roinne atá sínithe ag Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta a choimeád freisin. Déanfar gach taifead roinne ar gá iad a chaomhnú go buan a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta sa deireadh. Tá foráil ann san Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, maidir le taifid roinne a choimeád siar nó a choimeád ar fhorais shonraithe faoi alt 8(4) agus faoi alt 8(2). Ní mór gach taifead den sórt sin a athbhreithniú gach 5 bliana agus ní mór iad a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta mura bhfuil feidhm a thuilleadh ag an gcúis lena gcoimeád.

26. Céard faoi thaifid a choimeádtar siar faoi alt 8(4) de bharr ábhair imní maidir le cosaint sonraí?

Is ceart do Roinn Stáit taifid lena mbaineann ábhair imní maidir le cosaint sonraí a choimeád siar tar éis an deimhniúchán cuí a fháil faoi alt 8(4) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Is ceart srian a chur ar rochtain ar chomhaid dhúnta agus ní ceart aon phróiseáil eile a dhéanamh orthu. Is ceart don Roinn Stáit beartas rochtana a fhorbairt agus is ceart cloí go docht leis. D'fhéadfadh sé go n-áireoidh an beartas sin coinníollacha á rá nach féidir rochtain a thabhairt ach amháin do dhaoine atá ainmnithe sa chomhad go dtí nach mbeidh feidhm ag cosaint sonraí a thuilleadh.

27. Cad is ceart a bheith san áireamh i mbeartas rochtana?

Moltar go ndéanfaidh socrú freisin i ndáil le fiosruithe ó pháirtithe leasmhara eile amhail staraithe acadúla. Is ceart teagmhálaí a lua i ngach beartas den sórt seo, ar duine é nó í a gcuirfear gach fiosrú chuige nó chuici go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir leis an tslí ina ndéileáiltear leis an mbeartas. Is ceart aon choinníollacha maidir le anaithnidiú/bréagainmniú aon sonraí atá le foilsiú a shonrú freisin. Maidir le haon bheartas rochtana atá forbartha ag an Roinn Stáit, is ceart cloí le freagrachtaí dlíthiúla na Roinne mar atá leagtha amach sa reachtaíocht i leith Cosaint Sonraí agus is ceart don roinn é a chur i bhfeidhm go docht agus go comhsheasmhach.

28. An bhfuil sárú ar GDPR á dhéanamh ag Ranna Stáit má choimeádann siad taifid atá os cionn 30 bliain d'aois ar taifid ar ceart iad a bheith aistrithe chuig an

gCartlann Náisiúnta?

I gcás taifid a sainaithníodh mar thaifid ar gá iad a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne, ach nár tharla an t-aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta, ní bheidh sárú déanta ag an Roinn Stáit ar GDPR más rud é go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm chun rochtain a shrianadh agus chun tuilleadh próiseála a chosc.

Más rud é nach bhfuil aon mheasúnacht déanta ar na taifid, d'fhéadfadh sé go bhfuil sárú déanta ar an míniú ar 'tréimhse níos faide' atá ann i GDPR i leith taifid a choimeád. De réir Airteagal 30 de GDPR, ní mór do rialaitheoirí sonraí agus do phróiseálaithe sonraí a bheith réamhghníomhach maidir le bainistiú a gcuid taifead. Is ceart go n-áireodh sé sin bainistiú réamhghníomhach taifead roinne ar fud a saolré, lena n-áirítear sceidil a fhorbairt i ndáil le coimeád agus diúscairt.

29. Conas a chinneann Ranna Stáit cé na taifid atá le coimeád?

Is ceart do Ranna Stáit feidhmiú de réir na treorach a eisíonn an Chartlann Náisiúnta. Molann an Chartlann Náisiúnta go mór go gceapfaí cartlannaí/bainisteoir taifead ag a bhfuil cáilíocht ghairmiúil mar bhuanbhall foirne, ar duine é nó í a bheadh in ann córais agus próisis a chur i bhfeidhm chun taifid roinne a shainaithint mar thaifid ar gá iad a chaomhnú go buan. Soláthróidh an Chartlann Náisiúnta comhairle agus treoir do dhaoine ar a bhfuil freagracht i ndáil le bainistiú taifead agus i ndáil le hábhair chartlainne laistigh de Ranna Stáit.

30. Cé atá freagrach i ndáil le bainistiú taifead laistigh de Ranna Stáit?

Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, is é nó í Aire na Seirbhíse Poiblí, arb é nó í an tAire Airgeadais é nó í anois, atá freagrach i ndáil leis an mbeartas maidir le bainistiú taifead laistigh de Ranna Stáit. Ní dhéantar aon bhunús dlí le rannpháirtíocht na Cartlainne Náisiúnta sa bheartas maidir le bainistiú taifead laistigh de Ranna Stáit a sholáthar san Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Faoi théarmaí na reachtaíochta reatha, ní féidir leis an gCartlann Náisiúnta ach treoir a thabhairt maidir le taifid roinne os cionn 30 bliain d'aois.

Aithníonn an Chartlann Náisiúnta neamhdhóthanacht na staide sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le bainistiú taifead leictreonach. In éagmais beartas bainistíochta taifead don Státseirbhís, soláthraíonn an Chartlann Náisiúnta comhairle, ar bhonn neamhfhoirmiúil, do Ranna Stáit maidir le bainistiú a dtaifead, ach sin faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

31. Cén t-amscála ar laistigh de nach mór iarraidh a dhéanamh ar dhiúscairt taifead faoi alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986?

Níl aon oibleagáid ar Ranna Stáit faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, aon cheann dá dtaifid a dhiúscairt. Ach, mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh sé go bhfuil sárú déanta ar reachtaíocht eile de chuid an chreata rialála ar laistigh de a oibríonn Ranna Stáit.

D’fhéadfadh GDPR a bheith i gceist leis sin agus ní hé GDPR amháin atá i gceist.

I gcás ina bhfuil taifid le diúscairt, ní mór déanamh de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach in alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. I gcás ina ndéantar taifid, idir thaifid i bhformáid pháipéir agus thaifid i bhformáid leictreonach, a dhiúscairt gan ceadú a fháil ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta beidh sárú déanta ag an Roinn Stáit ar alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

32. I gcás an tsásra a bhaineann le diúscairt faoi alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, an bhfuil feidhm aige maidir le taifid pháipéir agus maidir le taifid leictreonacha araon?

Tá. Chun críocha an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, is cuma cén fhormáid ina bhfuil an taifead. Tá feidhm ag alt 7 freisin maidir le haon taifid roinne atá scanta ar mhaithe le rochtain nó ar mhaithe le costais stórála a theorannú.

Ní hionann cóip scanta de thaifead agus an taifead oifigiúil agus d’fhéadfadh sé nach bhfuil aon seasamh dlíthiúil aige.
Is iad na haon eisceachtaí a bhaineann leis seo taifid dhúblacha nó ábhar clóite nach gá cead a fháil chun iad a dhiúscairt. Is ionann taifead dúblach agus cóip chruinn. Má dhéantar aon nótaí a bhreacadh air nó má dhéantar aon athrú air tagann sé chun bheith ina thaifead bunaidh.

33. Conas a dhéantar iarraidh ar dhiúscairt taifead faoi alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986?

Ní mór d’Oifigeach Deimhniúcháin de chuid na Roinne Stáit iarraidh ar dhiúscairt taifead a dhéanamh i scríbhinn chuig an gCartlann Náisiúnta.

Tá freagracht ar an Oifigeach Deimhniúcháin i ndáil le cur i bhfeidhm an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, laistigh dá eagraíocht nó dá heagraíocht. Tá dualgais agus feidhmeanna Oifigigh Deimhniúcháin leagtha amach sna Rialacháin fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, 1988, agus sa nóta faisnéise d’Oifigigh Dheimhniúcháin atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta.

34. Céard é a próiseas a ghabhann le hiarraidh maidir le diúscairt taifead ag Roinn Stáit?

Ní mór don Oifigeach Deimhniúcháin sa Roinn Stáit lena mbaineann iarraidh ar dhiúscairt a chur chuig an gCartlann Náisiúnta. Iarrfaidh an Chartlann Náisiúnta ar an mball foirne iomchuí i Roinn Stáit foirm mheasúnachta a chomhlánú. San fhoirm sin, lorgófar mionsonraí faoin tsraith taifead a n-iarrtar iad a dhiúscairt, an bunús dlí ar dá réir a cruthaíodh na taifid, an chainníocht taifead atá i gceist agus aon fhaisnéis eile a mheasfar a bheith iomchuí. Tar

éis an fhoirm sin a bheith comhlánaithe, déanfaidh foireann na Cartlainne Náisiúnta suirbhé agus, faoi alt 7(7) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, ní mór an suirbhé sin a éascú. Tar éis an suirbhé a dhéanamh, ullmhaítear tuarascáil do Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta agus déanfar moladh sa tuarascáil sin. Má aontaíonn an Stiúrthóir leis an moladh, eiseoidh sé/sí Deimhniú sínithe i leith Dhiúscairt na dTaifead Roinne lena mbaineann. Tar éis an deimhniú a eisiúint, féadfaidh an Roinn Stáit na taifid a dhiúscairt de réir alt 7(5) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, ina sonraítear an méid seo a leanas: 'Taifid Roinne, a n-údaraítear a ndiúscairt le húdarú faoin alt seo, diúscrófar iad trína milleadh ar mhodh a chinnteoidh nach ndéanfar difear dá rúnmhaireacht agus nach mbeidh a n-ábhar infhionnta'.

35. Cad a tharlaíonn má dhiúltaítear d'iarraidh ar dhiúscairt?

I gcás ina ndiúltaíonn Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta d'iarraidh ar dhiúscairt ar an bhforas gur gá na taifid a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne, tá oibleagáid ar an Roinn Stáit na taifid a choimeád agus iad a ullmhú lena n-aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta tar éis 30 bliain.

Moltar go mór do Ranna Stáit a bheith ar an eolas faoi thréimhsí coimeádta le linn a gcuid córas comhdaithe a chur i bhfeidhm. Ní ceart sraitheanna taifead lena ngabhann tréimhsí éagsúla coimeádta a chomhdú le chéile ós rud é go bhfágann sé sin nach féidir measúnacht a dhéanamh ar leibhéal sraithe gan ionchur mór acmhainní foirne a bheith ag teastáil. I gcásanna ina bhfuiltear tar éis sraitheanna éagsúla taifead a chomhdú le chéile, ní bheifear in ann diúscairt a dheonú go dtí go ndéantar obair ullmhúcháin éigin orthu.

36. Cad a tharlaíonn má bhíonn moill fhada ann maidir le próiseáil iarrata ar dhiúscairt faoi alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, ag foireann na Cartlainne Náisiúnta?

Nuair a bhíonn bainistíocht ghníomhach á dhéanamh ag Roinn Stáit ar a cuid taifead agus nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh aici ar dhiúscairt taifead nach gá iad a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne, bíonn a cuid freagrachtaí dlíthiúla faoi GDPR á gcomhlíonadh acu. Féachfaidh an Chartlann Náisiúnta le hiarratais a phróiseáil ar bhealach chomh héifeachtúil agus is féidir i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil. Tá moill éigin maidir le próiseáil iarratas dosheachanta de bharr srianta foirne faoi láthair.

37. An bhfuil sé éigeantach iarraidh a dhéanamh ar dhiúscairt taifead?

Níl, ach ní féidir taifid atá déanta, faighte nó á gcoimeád ag Roinn Stáit a mhilleadh gan deimhniú sínithe maidir lena ndiúscairt a bheith ann agus é eisithe ag Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta. Is sárú ar alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, é taifid a dhiúscairt gan an cead riachtanach a bheith ann, lena n-áirítear taifid a scanadh ar mhaithe le rochtain nó ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar stóráil.

38. An bhfuil feidhm ag an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus ag GDPR maidir le taifid pháipéir agus taifid leictreonacha araon?

Tá. Tá feidhm ag an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, maidir le gach taifead roinne i bhformáid leictreonach agus i bhformáid pháipéir araon. Tá feidhm ag GDPR maidir le taifid i bhformáid pháipéir agus i bhformáid leictreonach araon, ar taifid iad ina bhfuil sonraí pearsanta mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de GDPR.

Oibríonn an chuid is mó Ranna Stáit laistigh de thimpeallacht hibrideach. Ciallaíonn sé sin go mbíonn siad ag obair le taifid pháipéir agus le taifid a chruthaítear go digiteach, nó taifid leictreonacha, araon. Is ceart an méid sin a chur san áireamh in aon bheartas maidir le bainistiú taifead. Is ceart feidhm a bheith ag scéimeanna aicmithe taifid maidir le taifid pháipéir agus taifid leictreonacha araon. Is ceart go mbeadh sraith taifead ina bhfuil taifid dhigiteacha agus taifid pháipéir a bheith faoi réir na scéime céanna aicmithe taifid agus na dtréimhsí coimeádta céanna. Is é a leanfadh as aon easnamh maidir le cur i bhfeidhm an aicmithe chéanna comhaid ar bhonn formáide ná fadhbanna amhail sainaithint taifead tráth éigin níos faide anonn. D'fhéadfadh sé gurb é a leanfadh as sin ná coimeád taifead gan ghá nó diúscairt neamhúdaraithe taifead. Is ceart gurb ionann feidhm ghnó Roinn Stáit agus bonn a sholáthar d'aon scéim aicmithe comhaid, beag beann ar fhormáid na dtaifead.

39. An féidir le Roinn Stáit taifead a mhilleadh má fhaightear iarraidh faoi airteagal 17 de GDPR (an Ceart go ndéanfaí Léirscriosadh)?

Ní féidir. Níl tosaíocht ag GDPR ar an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Cé go bhfaightear iarraidh ar léirscriosadh taifid, is ceart don Roinn Stáit leas a bhaint as a beartas féin maidir le coimeád taifead.

Is ceart cáilithe é an Ceart go ndéanfaí Léirscriosadh in Airteagal 17 de GDPR. Más rud é gur sainaithníodh taifead

mar thaifead ar gá é a chaomhnú go buan, beidh feidhm ag an díolúine i leith próiseáil chun críoch cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail nó ar mhaithe le taighde staire nó staidrimh mar atá leagtha amach in Airteagal 89.

I gcás ina ndiúltaíonn duine aonair don mheasúnacht sin, tá an ceart aige/aici gearán a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí sa chéad ásc agus leas a bhaint as nósanna imeachta dlíthiúla mar atá leagtha amach san Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

40. An ndéanfaidh an Chartlann Náisiúnta measúnacht ar iarrataí ar léirscriosadh den sórt sin ar bhonn cáis ar leithligh thar ceann Ranna Stáit?

Ní dhéanfaidh. Ní dhéanfaidh an Chartlann Náisiúnta measúnacht ach amháin ar iarratais ar dhiúscairt ar leibhéal sraithe taifead. I gcás in arb é atá i dtoradh measúnachta ná gur gá caomhnú buan a dhéanamh mar ábhair chartlainne, ní thabharfar cead chun an taifead a dhiúscairt. Is sárú ar alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, é taifid den sórt sin a dhiúscairt gan Deimhniú i leith Dhiúscairt Taifead Roinne a bheith ann agus é sínithe ag Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.

Má thugann an Chartlann Náisiúnta cead maidir le diúscairt na sraithe taifead ar bhonn leanúnach, moltar don Roinn Stáit na taifid sin a dhiúscairt ar bhonn rialta de réir bheartas na roinne maidir le coimeád taifead, ar choinníoll nach bhfuil gá leo a thuilleadh chun tacú le feidhmeanna gnó nó dlí, d'fhonn cosc a chur ar choimeád taifead gan ghá agus ar shárú iarmhartach a gcuid oibleagáidí faoi GDPR.

41. An gá a chur in iúl don Chartlann Náisiúnta go bhfuil iarraidh déanta ar cheartú taifid faoi airteagal 16 de GDPR?

Cé gurb é an Roinn Stáit an rialaitheoir sonraí, is ceart dul i gcomhairle leis an gCartlann Náisiúnta maidir le haon iarrataí ar cheartú taifead roinne, ar taifid roinne iad atá sainaitheanta mar thaifid ar gá iad a chaomhnú go buan chun críoch cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail. Tar éis taifead a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta meastar gur taifead buan stairiúil é. Is ceart iarrataí ar cheartú a thaifeadadh de réir Aithris 65 de GDPR.

42. An bhfuil feidhm ag an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus ag GDPR maidir le comhlachtaí poiblí atá ainmnithe sa sceideal a ghabhann leis an Acht?

Sa sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, liostaítear 61 chomhlacht poiblí a thagann faoi réir an Achta. Níl cuid mhór de na comhlachtaí sin ar marthain a thuilleadh nó aistríodh cuid mhór dá bhfeidhmeanna chuig comhlachtaí a bunaíodh ó bhí an bhliain 1986 ann. Maidir le heagraíochtaí a fuair na taifid le hoidhreacht ó chomhlachtaí atá liostaithe san Acht, tagann siad faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, ach sin a méid a bhaineann le taifid a fuarthas le hoidhreacht agus **leo sin amháin**.

Mar thoradh ar chomhairle dhlíthiúil a fuair an Chartlann Náisiúnta, d'fhéadfadh sé gur tharla **leasú neamhthéacsúil** ar an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, i gcás ina ndearnadh tagairt do chomhlacht a bhí ann roimhe sin i reachtaíocht lena mbunaítear comhlacht nua a bhfuil feidhmeanna faighte le hoidhreacht aige. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh an comhlacht nua a bheith faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, maidir lena thaifid **go léir**. Molann an Chartlann Náisiúnta go lorgóidh comhlachtaí den sórt sin comhairle dhlíthiúil maidir lena stádas faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

I gcás taifid a bheith faighte le hoidhreacht ag comhlachtaí, ach nach ndéantar tagairt don chomhlacht cruthaithe sa reachtaíocht bunaithe, níl aon chosaint dhlíthiúil ann faoi láthair do thaifid atá cruthaithe ó dháta bunaithe an chomhlachta nua. I gcásanna den sórt sin, níl aon sásra dlíthiúil ann maidir le hOifigeach Deimhniúcháin a cheapadh chun ceadú a thabhairt i leith na bhforálacha, faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, maidir le taifid a choimeád, a dhiúscairt nó a aistriú. I gcásanna den sórt sin, féadfar Oifigeach Deimhniúcháin a cheapadh agus freagracht air nó uirthi maidir le taifid a fuarthas le hoidhreacht **agus maidir le taifid den sórt sin amháin**.

In éagmais aon phleananna chun an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986, a leasú féadfaidh comhlachtaí poiblí lena mbaineann an staid seo iarratas a dhéanamh go n-áireofar iad sa sceideal a ghabhann leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, trí leas a bhaint as Ionstraim Reachtúil (**Féach aguisín 1**).

D'ainneoin na staide dlíthiúla reatha, mholfadh an Chartlann Náisiúnta go mór d'aon chomhlacht poiblí dul i gcomhairle leis an Chartlann maidir le coimeád a chuid taifead sula ndéantar aon diúscairt. Inár gcáil mar sheirbhísigh phoibligh agus mar státseirbhísigh, tá oibleagáid dhlíthiúil agus oibleagáid mhorálta orainn a chinntiú go dtabharfar cosaint do thaifid roinne agus go gcoinnítear taifead stairiúil na hÉireann ina riocht iomlán.

Tagann gach comhlacht poiblí faoi réir GDPR ós rud é go bpróiseálann siad sonraí pearsanta i bhfoirmeacha éagsúla, trí bhíthin a bhfeidhmeanna reachtúla nó trína ról mar fhostóirí.

43. Conas a thrasuífear GDPR isteach i ndlí na hÉireann?

Is ionann úsáid an tsásra rialála ag leibhéal Eorpach agus a rá go dtagann GDPR chun a bheith ina dhlí i ngach ballstát le héifeacht ón 25 Bealtaine 2018. Féadfaidh ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh an rialachán a thrasuíomh isteach ina reachtaíocht féin. Tá an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, tugtha isteach ag Éirinn agus shínigh an tUachtarán, Micheál D. Ó hUigínn ina dhlí é ar an 24 Bealtaine 2018.

44. An bhfuil airteagal 89 de GDPR (cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil) san áireamh san Acht um Chosaint Sonraí, 2018?

Tá. In alt 42 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, déantar foráil maidir le cartlannú ar mhaithe le leas an phobail agus déantar foráil in alt 54 den Acht sin maidir le cartlannú catagóirí speisialta sonraí. Tá feidhm ag na forálacha sin maidir le gach taifid ar gá iad a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne, i dtaca leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach de, lena n-áirítear ábhair chartlainne gnó, reiligiúin agus pobail.

Tá foráil déanta in alt 55(2)(e) chun críocha cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail, is é sin, i gcás comhlachtaí poiblí a shealbhaíonn taifid ar fiú iad a chaomhnú go buan mar thaifid ina bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe agus cionta coiriúla, de réir mar atá leagtha amach in airteagal 10 de GDPR.

Tá foráil déanta in alt 71(6)(a) maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail i gcás inar bhailigh rialaitheoir sonraí eile na sonraí pearsanta i dtosach báire. D'áireodh sé sin seirbhísí cartlainne a fhaigheann rochtain ar ábhar ó rialaitheoirí éagsúla sonraí, lena n-áirítear Ranna Stáit.

Tá foráil déanta in alt 90(4) maidir le srianadh an chirt atá ag ábhair shonraí faisnéis a fháil a shealbhaíonn cartlann i gcás nach bhfuil sé indéanta an fhaisnéis sin a fháil nó go mbeadh obair dhíréireach i gceist leis an bhfaisnéis a fháil.

45. An bhfuil aon srianta ann san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, i dtaca le cearta ábhar sonraí i ndáil le próiseáil taifid ina bhfuil sonraí pearsanta atá sainaitheanta mar shonraí ar gá iad a chaomhnú go buan ar mhaithe le leas an phobail?

Tá. Le halt 61(1), tugtar cead srianta a chur ar fheidhmiú na gceart atá ag ábhair shonraí i gcás ina ndéantar an phróiseáil chun críoch cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail. Déantar na cearta atá ag ábhair shonraí agus atá leagtha amach in airteagail 15 (ceart rochtana), 16 (ceart go ndéanfaí ceartúchán), 18 (ceart go gcuirfí srian le próiseáil), 19 (ceart maidir le fógra a thabhairt go ndearnadh sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh nó próiseáil a shrianadh), 20 (ceart chun iniomparthacht sonraí) agus 21 (ceart chun agóid a dhéanamh) de GDPR a shrianadh sa mhéid:

- Gur dhóigh go bhfágfadh feidhmiú na gceart sin go mbeadh sé indéanta na críocha sin a bhaint amach nó go gcuirfí isteach go mór ar fheidhmiú na gceart sin, agus
- Gur gá an srianadh sin chun na críocha sin a chomhlíonadh

I gcás ina mbíonn próiseáil á déanamh an tráth céanna chun aon chríche eile, seachas

chun críoch cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail, ní bheidh feidhm ag na srianta sin ach amháin maidir le próiseáil chun críoch cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail.

46. An bhfuil aon impleachtaí ann do ranna a úsáideann stóráil tráchtála lasmuigh de láthair na roinne?

Moltar go mór do Ranna Stáit a fhostaíonn conraitheoirí tríú páirtí, amhail cuideachtaí stórála tráchtála, chun a gcuid taifead a bhainistiú téarmaí agus coinníollacha aon chonartha atá ann a sheiceáil. Faoi GDPR, tá an rialaitheoir sonraí faoi dhliteanas i leith aon sáraithe a dhéanann próiseálaí sonraí. Má chinntear gur próiseálaí sonraí an chuideachta stórála tráchtála beidh an dliteanas ar an Roinn Stáit.

Is ceart do Ranna Stáit cuairt a thabhairt go tráthrialta ar aon saoráidí stórála lasmuigh dá láthair, go háirithe saoráidí atá á soláthar ag cuideachtaí stórála tráchtála lena chinntiú go bhfuil bearta dóthanacha cuí slándála á gcur i bhfeidhm. Ina theannta sin, is ceart dóibh a chinntiú go ndéantar iniúchadh go tráthrialta ar aon taifid atá á stóráil i saoráidí stórála lasmuigh dá láthair agus nach gcoimeádtar ach na taifid sin atá ag teastáil chun críoch gnó nó chun críoch dlíthiúil nó atá le haistriú chuig an gCartlann Náisiúnta tráth éigin sa todhchaí.

47. Céard é Plean Bainistithe Taifead na Seirbhíse Poiblí?

Tá Plean Bainistithe Taifead na Seirbhíse Poiblí, a bhí le tosú ag deireadh na bliana 2018, curtha ar ceal, agus ní dócha go gcuirfear tús leis sa bhliain 2019 de bharr easpa maoiniúcháin.

Bhí an tionscadal 3 bliana seo, a raibh an Chartlann Náisiúnta le bheith i gceannas air agus a bhí le seoladh i gcomhpháirtíocht le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, ceaptha chun caighdeánú a dhéanamh ar chur chuige Ranna Stáit agus comhlachtaí poiblí eile i leith bainistiú taifead. I measc na dtorthaí a rabhthas ag súil leo áiríodh sceidil maidir le coimeád agus diúscairt agus forbairt creata maidir le bainistiú taifead leictreonach, lena n-áirítear taisclann dhigiteach a chruthú laistigh den Chartlann Náisiúnta le go bhféadfaí taifid a cruthaíodh go digiteach a aistriú chuici.

Leanfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de bheith freagrach i ndáil le cur i bhfeidhm an bheartais maidir le bainistiú taifead laistigh de Ranna Stáit.

48. Aon chomhairle eile?

Is ceart do Ranna Stáit cur chuige comhordaithe a fhorbairt i leith bhainistiú a gcuid taifead agus i leith iarratas ar dhiúscairt. Is ceart córas lárnaithe a chur i bhfeidhm i ndáil le hiarratais ar dhiúscairt lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach ann i leith

coimeád taifead. Cabhróidh sé sin le rannáin de chuid ranna, ar rannáin iad a choimeádann sonraí gan ghá, a shainaithint agus cinnteoidh sé nach ndéantar iarratas chuig an gCartlann Náisiúnta ach amháin i ndáil le taifid nach gá iad a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne.

Conclúid

- Ní ceart déileáil le GDPR nó Cosaint Sonraí ina aonar nó ina haonar agus is ceart breithniú a dhéanamh orthu laistigh de chreat dlí de chineál níos leithne.

- Ní shaorann GDPR Ranna Stáit óna gcuid oibleagáidí faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, i dtaca le coimeád, diúscairt nó aistriú taifead, is cuma cé acu atá, nó nach bhfuil, sonraí pearsanta iontu

- Is ceart aon cheisteanna atá ann faoi choimeád nó faoi dhiúscairt taifead roinne a chur chuig Ceann na dTaifead Reatha, Seirbhísí Cartlainne agus Rialtais, an Chartlann Náisiúnta, Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath D08 DF85. Teil: (01) 4072300; Ríomhphost: query@nationalarchives.ie

Aguisín 1

Is féidir taifid eagraíochta a thabhairt faoi réim an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, mar a leanas:

- Tríd an eagraíocht lena mbaineann a chur le liosta na gcomhlachtaí sceidealta mar thoradh ar ordú reachtúil arna dhéanamh ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, de réir mar a fhoráiltear faoi **Alt 1(2)(d) agus (e)** den Acht,

    - *(d) Féadfaidh an Taoiseach [an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta anois], le hordú, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir agus leis an gComhairle, an Sceideal a ghabhann leis an Acht seo a leasú.*

    - *(e) I gcás go mbeartaítear ordú faoin bhfo-alt seo a dhéanamh, leagfar dréacht den ordú faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go ndéanfaidh gach Teach díobh sin rún a rith ag ceadú an dréachta.*

nó

- Trí stádas taifead roinne a thabhairt do thaifid na heagraíochta de réir **Alt 13:**

    - *13. —(1) Féadfaidh an Taoiseach [an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta anois], ar iarraidh ó eagraíocht seirbhíse poiblí, a dhearbhú gur taifid Roinne chun críche an Achta seo taifid nó doiciméid na heagraíochta sin (nó aicme áirithe de na taifid nó de na doiciméid sin a bheidh sonraithe sa dearbhú).*

Acmhainní

Reachtaíocht

- An tAcht um Chartlann Náisiúnta , 1986:http://www.irishstatutebook.ie/eli/1986/act/11/enacted/en/html

- Na Rialacháin fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, 1988:http://www.irishstatutebook.ie/eli/1988/si/385/made/en/print

- An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018:https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/bill/2018/10/eng/ver_d/b10d18s.pdf

- Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (GDPR):https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex:32016R0679

Treoir ón nGrúpa Cartlann Eorpach (Cinn na gCartlann Náisiúnta san Eoraip)

- https://ec.europa.eu/info/about-european-commission/service-standards-and-principles/transparency/freedom-information/access-documents/information-and-document-management/archival-policy/european-archives-group/guidance-data-protection-archive-services_en

Láithreáin Ghréasáin (Náisiúnta)

- An Chartlann Náisiúnta:www.nationalarchives.ie
- An Coimisiún um Chosaint Sonraí:www.dataprotection.ie,www.gdprandyou.ie

Láithreáin Ghréasáin (Eorpacha)

- Meitheal Oibre Airteagal 29:http://ec.europa.eu/newsroom/article29/news.cfm?item_type=1358

Gluais

Ábhar cartlainne/Cartlann
Taifead ag a bhfuil luach marthanach agus ina soláthraítear fianaise ar ghníomhaíochtaí duine nó institiúide. Gníomhaireacht nó institiúid ar a bhfuil freagracht i ndáil le caomhnú a dhéanamh, nó rochtain a tabhairt, ar thaifid ag a bhfuil luach marthanach agus ar gá iad a chaomhnú go buan mar ábhair chartlainne.

Taifead fíordheimhnithe
Taifead arb é an ní é a n-airbheartaíonn sé gurb é an ní sin é, agus é saor ó chrioscaíl nó ó éilliú.

Oifigeach Deimhniúcháin
Duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi mhír 3(1) de na Rialacháin fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, 1988, chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus na Rialachán fán Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, 1988, laistigh dá Roinn Stáit.

Diúscairt
Aistriú taifead, go háirithe taifid nach taifid reatha iad, chuig a staid deiridh, is é sin, iad a mhilleadh nó iad a aistriú chuig cartlann.

Roinn Stáit
Tá léiriú ar an téarma Roinn Stáit le fáil in alt 1(2) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus áiríonn sé gach roinn stáit, gach oifig chúirte, gach comhlacht atá liostaithe sa sceideal a ghabhann leis an Acht agus aon chomhlacht ‘ar coiste, coimisiún nó binse fiosrúcháin é a cheapfaidh an Rialtas, comhalta den Rialtas nó an tArd-Aighne ó am go ham’.

Taifead Roinne
Tá míniú ar thaifead roinne le fáil in alt 2(2) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, agus áiríonn sé leabhair, léarscáileanna, pleananna, líníochtaí, páipéir, comhaid, grianghraif, scannáin, micreascannáin agus taifid mhicreagrafacha eile, taifeadtaí fuaime, taifid phictiúrtha, téipeanna maighnéadacha, dioscaí maighnéadacha, dioscaí optúla nó fís-dioscaí, taifid eile inléite ar innill, ábhar doiciméadach nó ábhar próiseáilte eile a dhéanann nó a fhaigheann Roinn Stáit agus a choimeádann an roinn stáit sin i gcúrsa a gnó.

Taifead oifigiúil
Féach taifead fíordheimhnithe.

Taifead Stáit
Féach taifead roinne.

Bainistiú Taifead
An réimse bainistíochta ina bhfuil freagracht i ndáil le rialú éifeachtúil córasach a dhéanamh ar chruthú, ar fháil, ar chothabháil, ar úsáid agus ar dhiúscairt taifead, lena n-áirítear próisis a bhaineann le gabháil agus coimeád fianaise agus faisnéise maidir le gníomhaíochtaí agus idirbhearta gnó i bhfoirm taifead.

Sceideal maidir le coimeád agus diúscairt
Doiciméad ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear taifid eagraíochta ar leibhéal sraitheanna, de ghnáth, ina soláthraítear treoracha maidir le diúscairt taifead ar fud a saolré agus tugtar sceideal diúscartha, sceideal taifead, sceideal coimeádta taifead, sceideal aistrithe air freisin.

Coimeád siar
Coimeád taifead roinne ag Ranna Stáit de réir mar a shonraítear in alt 8 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

Riail 30 bliain
An tréimhse ama ar dá héis is féidir taifid roinne a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta agus iad a scaoileadh don phobal.

> **Foinse: Téarmaíocht Chartlainne Ilteangach,** InternationalCouncilonArchives
> **Is sárú ar alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, é aon taifid roinne, lena n-áirítear comhaid PQ, a dhiúscairt gan dul i gcomhairle leis an gCartlann Náisiúnta roimh ré, lena n-áirítear Deimhniú i leith Diúscairt Taifead Roinne a eisiúint agus é sínithe ag Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.**

An Chartlann Náisiúnta
National Archives

An Chartlann
Náisiúnta, Sráid an
Easpaig, Baile Átha
Cliath D08 DF85, Éire.

Teileafón: + 353 (0)1 407 2300
Lo Call: + 353 1890 252424
Facs: + 353 (0)1 407 2333
Ríomhphost: query@nationalarchives.ie